**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

---

## SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001

---

# EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – GNÁTHLEIBHÉAL

---

DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH – IARNÓIN 2.00 – 4.30

---

**SÉ CHEIST LE FREAGAIRT**

# SÉ CHEIST LE FREAGAIRT

**1.** Freagair **sé cinn** ar bith díobh seo a leanas:

(*a*) Mínigh conas a chuidíonn seile le díleá bia.

(*b*) Luaigh **dhá** airí de chuid ithreacha gaineamhacha.

(*c*) Ainmnigh (i) pór déiríochta,
(ii) pór mairteola.

(*d*) Mínigh, le cabhair léaráide, an difríocht idir ceann síl eorna agus coirce.

(*e*) Tabhair **dhá** thairbhe a bhaineann le seamair i mbáinseach féaraigh.

(*f*) Luaigh **dhá** fho-tháirge de thoradh táirgeadh biatais shiúcra.

(*g*) Tabhair **dhá** chúis go ndéantar taoscadh ar phrátaí agus iad á bhfás.

(*h*) Mínigh conas a chuireann seadáin sheachtracha drochshláinte ar ainmhithe feirme.

(*i*) Mínigh conas a dhéanfadh úsáid lotnaidicídí í bhfeirmeoireacht díobháil d’fhiadhúlra taobh tíre.

(*j*) Ainmnigh **dhá** phlanda a bhaineann leis an bhFine Compositae.

**(60 marc)**

**2.** Coinnítear an t-aer agus an t-uisce sna piochspásanna in ithir.

(*a*) Mínigh **trí** thoisc a bhfuil tionchar acu ar réim na bpiochspásanna san ithir.

(*b*) Déan cur síos ar thriail saotharlainne <u>nó</u> páirce chun céatadán aeir in ithir a mhionscrúdú.

(*c*) Ainmnigh **ceithre** chomhpháirt, seachas aer agus uisce, atá in ithir dhúrabháin.

**(48 marc)**

**3.** (*a*) Scríobh nótaí gearra ar **gach ceann** díobh seo a leanas:
(i) riachtanais tithíochta lao nuabheirthe,
(ii) úsáid líreacán mianrach i dtáirgeadh ainmhithe,
(iii) treabhadh fómhair.

(*b*) Luaigh **trí** chúis a mbíonn fálta sceach tábhachtach ar fheirmeacha.

(*c*) Luaigh **dhá** bhuntáiste atá ag barra breise ar fheirm mheasctha churaíochta/bheostoic.

**(48 marc)**

**NÓ**

**3.** (*a*) Tabhair cuntas ar bhainistiú agus ar chothú na mbó sna trí mhí tar éis breith lao.

(*b*) (i) Déan cur síos ar chóras bainistíochta innilte a fhéadfaí a úsáid ar fheirm dhiantáirgeadh mairteola.
(ii) Mínigh buntáistí innilt mheasctha eallaigh agus caorach ar fheirm stoc tirim.

**(48 marc)**

**4.** (*a*) Luaigh **ceithre** bheart phraiticiúla a bhaineann le sadhlas ardchaighdeáin a dhéanamh.

(*b*) Déan cur síos ar **dhá** bhealach ar féidir le feirmeoir cáilíocht shadhlais a thomhas.

(*c*) Mol an méid sadhlais is gá do gach ceann díobh seo a leanas i gcaitheamh tréimhse chúig mhí sa gheimhreadh:
(i) bodóg scoite, (ii) bullán dhá bhliain.

**(48 marc)**

**5.** Déan cur síos ar mhodh saotharlainne <u>nó</u> páirce chun **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas a dheimhniú:

(*a*) Céatadán taise i sampla ithreach.

(*b*) Próitéin in ábhar bia.

(*c*) Táirgiúlacht achar féaraigh i gcaitheamh séasúr innilte.

(*d*) Cáilíocht sláinteachais sampla bainne.

**(48 marc)**

**6.** (*a*) Mínigh cén fáth gur gné thábhachtach de dhiantáirgeadh caorach é geimhriú istigh na gcaorach.

(*b*) Déan cur síos ar bhainistiú agus ar bheathú uan <u>nó</u> banbh ó bhreith go scoitheadh.

(*c*) Liostáil na tréithe coirp atá le cur san áireamh i roghnú stoc nua póraithe i bhfiontar <u>ainmnithe</u>.

**(48 marc)**

**7.** (*a*) Mínigh na téarmaí seo a leanas:
(i) ailléil, (ii) haplóideach, (iii) gaiméit, (iv) hibrid.

(*b*) Déantar planda cruithneachta atá homaisigeach d’eithne dhearg (**RR**) a chrosáil le planda atá homaisigeach d’eithne bhán (**rr**). Bhí an sliocht (**F1**) heitrisigeach. Ansin crosáladh an sliocht le planda homaisigeach d’eithne bhán. Cóipeáil an méid seo a leanas i do leabhar freagraí agus comhlánaigh na spásanna (géinitíopa idir lúibíní, feinitíopa ar línte).

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Géinitíopaí na mbuntuismitheoirí | | (RR) | X | (rr) |
| Gaiméití a tháirgeann gach tuismitheoir | | (   ) | X | (   ) |
| Géinitíopa an tsleachta (F1) | | | (   ) | |
| Feinitíopa an tsleachta (F1) | | | ____________ | |
| | | | | |
| Géinitíopa an dara glúin tuismitheoirí | | (   ) | X | (   ) |
| Gaiméití a tháirgeann gach tuismitheoir | (   ) | (   ) | X | (   ) |
| Géinitíopa an dara glúin (F2) | | (   ) | | (   ) |
| Feinitíopa an dara glúin (F2) | | ________ | | ________ |

**(48 marc)**

**8.** Freagair **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas:

(*a*) Luaigh **ceithre** thoisc a bhfuil tionchar acu ar chomhdhéanamh aoiligh.

(*b*) Déan cur síos ar **thrí** mhodh atá i gceist le stóráil shábháilte gráin ainmnithe ar feadh tréimhse sé mhí tar éis a bhainte.

(*c*) Déan plé ar bharr fréimhe ainmnithe faoi na ceannteidil seo a leanas:
(i) oiriúnacht ithreach,
(ii) saothruithe réamh-chuir,
(iii) cosc galair,
(iv) baint.

**(48 marc)**

**9.** Tabhair míniú eolaíochta ar **cheithre cinn** ar bith díobh seo a leanas:

(*a*) Líon mór nóiníní i bhféarach ró-innilte.

(*b*) Foirmiú cruachiseal iarainn i bpróifíl ithreach.

(*c*) Éagsúlacht i bhfad shéasúr fáis an fhéir ar fud na tíre.

(*d*) Tionchar na teochta comhthimpeallaí ar mhéadú ar mheáchan muc.

(*e*) Táirgeadh dé-ocsaíd charbóin i gcorp an ainmhí.

**(48 marc)**

**_LEATHANACH BÁN_**

***LEATHANACH BÁN***